| Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta | Grúpa Forbartha Cruinniú 3: Bealtaine 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte ón gCathaoirleach, miontuairiscí an chruinnithe deiridh agus an nuacht is deireanaí** | Glacadh leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach. Tugadh an nuacht is deireanaí maidir leis an obair a rinneadh ó bhí an cruinniú deireanach ann. |
| **Achoimre ar chomhairliúchán na cáipéise eolais** | Rinneadh cur i láthair os comhair na meithle ar an gcomhairliúchán maidir leis an gCáipéis Eolais agus bhí plé grúpa-bhunaithe ann ina dhiaidh sin. |
| **Athbhreithniú ar an dréacht-Réasúnaíocht agus ar na dréacht-Aidhmeanna** | Phléigh agus leasaigh an mheitheal an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna a dréachtaíodh ag an gcruinniú deiridh |
| **Príomhhinniúlachtaí** | I ndiaidh cur i láthair ar phríomhhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí, rinne an mheitheal forbartha plé ar na hinniúlachtaí agus conas a bhaineann siad le Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta. |
| **Struchtúr Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta** | Rinne an mheitheal tuilleadh plé ar na réimsí tábhachtacha foghlama don scoláire a thugann faoi Chuntasaíochta na hArdteistiméireachta, a sainaithníodh ag an gcruinniú deiridh. Bainfidh Feidhmeannas CNCM leas as an aiseolas ón bplé sin chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na sonraíochta. Cuirfear an obair |

| | |
|---|---|
| | sin i láthair na meithle forbartha ag an gcéad chruinniú eile i mí Mheán Fómhair 2024. |